## Ceann na nEalaíon do Leanaí agus Daoine Óga

**Próifíl an Róil**

### A. Sonraí

| | |
|---|---|
| Post: | Ceann na nEalaíon do Leanaí agus Daoine Óga |
| Grád: | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Coibhéis lánaimseartha: | Lán-aimseartha |
| Fad: | Téarma seasta 2 bhliain |
| Ag tuairisciú do: | Stiúrthóir na nEalaíon Cumaisc |

### B. Cuspóir agus forbhreathnú an róil

Is deis spreagúil atá le fáil sa phost seo le rannchuidiú i mbainistíocht ceann amháin d'Fhoirne Ealaíon na Comhairle. Go sonrach, mar chuid den ról seo cuirfear chun feidhme beartas agus plean na Comhairle Ealaíon maidir leis na healaíona do leanaí agus daoine óga, agus tacófar le bainistiú scéimeanna maoinithe i réimse na n-ealaíon do leanaí agus daoine óga. Tá an fhoireann freagrach as ceapadh beartais, tionscnaimh forbartha, bainisteoireacht maoinithe agus comhghaoil.

Beidh sealbhóir an phoist seo freagrach don Stiúrthóir Ealaíon agus beidh sé i gcomhpháirtíocht leis an mbainisteoir tacaíochta ina fhreagrachtaí éagsúla, i mbainistíocht na foirne, ina réimsí oibre comhaontaithe, agus oibreoidh sé le baill foirne eile chun tionscadail thraseagraíochtúla chomhaontaithe a chur chun feidhme d'fhonn cuspóirí na straitéise deich mbliana *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a bhaint amach.

### C. Príomhfhreagrachtaí

- Gach aon chuid de cheapadh beartais, d'fhorbairt tionscnamh, de bhainisteoireacht deontas agus chomhghaoil na Comhairle a riaradh i réimse na Leanaí agus na nDaoine Óga agus na nEalaíon;
- Na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga a bhainistiú agus a spreagadh (lena n-áirítear comhairleoirí);
- Oibriú i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon, le foirne foirme ealaíne agus cleachtais ealaíon eile, leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus le baill foirne eile chun tionscadail thraseagraíochtúla ar leith a chur chun feidhme chun na tosaíochtaí agus cuspóirí a leagtar amach i straitéis na Comhairle Ealaíon agus a beartas maidir leis na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga a bhaint amach;
- Caidreamh dearfach straitéiseach a chothú le heagraíochtaí eile a oibríonn i réimse na leanaí agus na ndaoine óga, ó eagraíochtaí ealaíne go comhlachtaí agus gníomhaireachtaí rialtais;

the arts council an chomhairle ealaíon

- A chinntiú go bhfuil cearta leanaí agus daoine óga chun páirt a ghlacadh sna healaíona agus a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht ghaolmhar fite fuaite i mbeartas agus i gcleachtas na Comhairle Ealaíon. Tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile agus comhoibriú leo chun na cearta seo a chur chun cinn san earnáil ealaíon níos leithne freisin.

**D. Bunspriocanna Inghnóthaithe an Róil** (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta díobh seo)

- Beartais agus tionscnaimh agus straitéisí ábhartha a fhorbairt agus a sheachadadh chun forbairt a dhéanamh ar na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga i gcomhréir le Straitéis agus beartais na Comhairle Ealaíon;
- Clár oibre a dhearadh, a fhorbairt agus a bhainistiú ina gcuirtear chun feidhme spriocanna straitéiseacha foriomlána na Comhairle Ealaíon maidir leis na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga;
- Comhairle a thabhairt ar chláir mhaoinithe agus ar thionscnaimh forbartha na Comhairle Ealaíon agus iad a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais athraitheacha eagraíochtaí agus daoine aonair atá lárnach do rath na nEalaíon do Leanaí agus Daoine Óga in Éirinn;
- Oibriú i gcomhar le Roinn Scoileanna Ildánacha na Comhairle Ealaíon;
- Faisnéis agus léargais thábhachtacha ar na hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga, ar chearta leanaí, ar bheartais agus ar thionscnaimh náisiúnta a bhailiú, a choinneáil agus rannchuidiú leo agus cumarsáid dhéthreo den scoth a choinneáil go hinmheánach agus go seachtrach;
- Forbairt leanúnach caidrimh le heagraíochtaí ábhartha cistiúcháin agus leis an mórphobal ealaíon mar a bhaineann sé le healaíona do leanaí agus daoine óga a stiúradh agus a bhainistiú;
- Buiséad bliantúil a fhorbairt i gcomhar leis an Stiúrthóir Ealaíon agus feidhmíocht a bhainistiú i gcoinne an bhuiséid sin le cabhair ón rannóg Airgeadais de réir mar is cuí;
- A chinntiú go bhfuil gach bunsprioc inghnóthaithe ó bhainistíocht mhaoinithe go tionscadail taighde ábhartha deartha go maith agus go gcuirtear i gcrích iad ar ardchaighdeán agus go tráthúil;
- Cur le forbairt straitéise agus beartais ábhartha de chuid na Comhairle Ealaíon lena n-áirítear trí ghuth leanaí agus daoine óga a chumasú le bheith san áireamh i gcomhairliúchán agus i bhforbairt.

**E. Sonraíocht faoin bPearsa**

- Cúig bliana ar a laghad de thaithí iomchuí i mbainistíocht na n-ealaíon;
- Cuntas teiste cruthaithe, agus tiomantas soiléir i leith fhorbairt na n-ealaíon do Leanaí agus Daoine Óga ar fud réimse foirmeacha ealaíne;
- Tuiscint shoiléir ar thimpeallacht beartais d'fhorbairt ealaíon, cearta agus timpeallacht beartais náisiúnta go háirithe i leith Daoine Óga agus Leanaí agus na réimsí a bhaineann leo;

- Eolas agus tuiscint domhain ar na saineábhair straitéiseacha lárnacha a bhaineann le forbairt ealaíon sa timpeallacht reatha;
- An cumas saincheisteanna a mheabhrú go hanailíseach agus smaointe casta a chur in iúl go soiléir;
- Scileanna maithe idirphearsanta, lean n-áirítear cumas éisteachta agus idirbheartaíochta;
- Fianaise go bhfuil taithí aige/aici i bhforbairt agus i gcomhlíonadh straitéise;
- Fianaise ar thaithí i gcaidreamh maoinithe agus eile le cliaint a bhainistiú;
- Caighdeáin den scoth i gcumarsáid scríofa agus béil;
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- Taithí i mbainistíocht agus i riarachán.

**F. Cáilíochtaí**

Beidh cáilíocht tríú leibhéal (nó a comhionann) ag an sealbhóir poist.

Tabhair faoi deara: Tá róil agus freagrachtaí na Comhairle Ealaíon faoi réir athruithe de réir ceanglais agus forbairtí eagraíochtúla atá ar bun anois agus cinn amach anseo.